




Iniúchóirí

A ndualgais agus a gcearta



Treoir thapa



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Réamhrá

Tháirgearmar an leabhrán eolais seo chun ról na n-iniúcháirí faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

Céard is iniúchadh ann?

Is éard is iniúchadh ann ná scrúdú ar ráitis airgeadais cuideachta a ullmhaíonn stiúrthóirí na cuideachta. Is é a chuspóir ná tuairim neamhspleách, ghairmiúil agus eolasach a thabhairt d'úinéirí na cuideachta (ar a dtugtar comhaltaí nó geallsealbhóirí chomh maith) a shonraíonn an méid:

- a ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí, de réir reachtaíochta ábhartha ar bith eile agus de réir na gcaighdeán cuntasáíochta ábhartha; agus
- a thugann dearcadh fíor agus cothrom maidir le staid ghnóthaí na cuideachta, a brabús agus a cailleanas don bhliain airgeadais agus a sócmhainní agus a dliteanais ag deireadh na bliana sin.

Tá an t-iniúchadh luachmhar do dhaoine a dhéanann gnó leis an gcuideachta fosta, toisc go gcuidíonn sé leo measúnú a dhéanamh ar iontaofacht staid airgeadais na cuideachta a shonraítear.

Céard is iniúcháir ann?

Is éard is iniúcháir ann ná duine gairmiúil neamhspleách atá cáilithe le hiniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais cuideachta.

Cé is féidir a bheith ina iniúchóir?

Is féidir le cuntasóir cáilithe nó comhlacht cuntasóirí gníomhú mar iniúchóir cuideachta. Go ginearálta, caithfidh deimhniú cleachtais bhaíl a bheith acu ó chomhlacht aitheanta cosúil le:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA);
- Institiúid na gCunstasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn (ICPAI);
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICAI);
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW);
- Institiúid Chuntasóirí Cairte na hAlban (ICAS); nó
- Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Corpraithe (IIPA).

Lena chinntiú go bhfuil an t-iniúchadh go fóireannach neamhspleách, ní féidir le roinnt daoine cáilithe a bheith ina n-iniúcháirí ar chuideachtaí áirithe. Mar shampla, ní féidir leo a bheith ina n-iniúcháir ar chuideachta má tá siad:

- ina stiúrthóir ar an gcuideachta nó ina bhfostaithe den chuideachta; nó
- ina mball teaghlaigh, ina bpáirtneir nó ina bhfostaí de stiúrthóir.

Ina theannta sin, tá cosc ar fhéimhigh ó bheith ina n-iniúcháir fad a mhaireann a bhfiacha gan íoc nó go dtí go saorfaidh an chúirt iad ó na fiacha sin a íoc. D'fhéadfaí daoine a dhícháiliú ó ghníomhú mar iniúcháirí ar feadh tréimhse áirithe má chinneann cúirt go bhfuil siad ciontach as calaois nó mí-iompar tromchúiseach.

Céard atá i gceist le hiniúchadh?

Agus iniúchadh á chur i gcrích, de ghnáth déanfaidh iniúcháir:

- féachaint le gnó na cuideachta a thuiscint;
- réimsí na ráiteas airgeadais ar dóchúla iad a bheith mícheart a shainaithint;
- cruinneas roinnt idirbheart, iarmhéideanna cuntais agus neamhchosaintí a sheiceáil;
- cinneadh a dhéanamh an bhfuil polasaithe cuntasáiochta na cuideachta réasúnta;
- féachaint an bhfuil rialuithe inmheánacha na cuideachta éifeachtach;
- measúnú a dhéanamh ar bhailíocht mheastacháin agus bhreithiúnais na stiúrthóirí nuair a d'ullmhaigh siad na ráitis airgeadais;
- imeachtaí suntasacha ar bith a tharla ó ullmhaíodh na ráitis airgeadais a mheas;
- scríobh chuig na stiúrthóirí ag leagan amach fadhbanna ar bith a aimsíodh le linn an iniúchta agus comhairle a thabhairt ar an dóigh le déileáil leo; agus
- tuarascáil an iniúcháora a scríobh agus a eisiúint chuig comhaltaí na cuideachta.

Cén uair a bhíonn iniúchadh ag teastáil?

Go ginearálta ní mór do chuideachta a ráitis airgeadais a iniúchadh gach bliain. Is féidir le roinnt cuideachtaí beaga, áfach, cinneadh a dhéanamh gan iniúchadh a dhéanamh má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe, lena n-áirítear:

- láimhdeachas nach mó ná €7.3m a bheith acu;
- suim nach mó ná €3.65 milliún a bheith acu mar iomlán a gcláir chomhardaithe;
- líon nach mó ná 50 fostaí, ar an meán, a bheith acu; agus
- a bheith suas chun dáta maidir lena n-oibleagáidí comhdaithe le Cláráitheoir na gCuideachtaí.

Cén dóigh a ndéantar iniúcháirí a cheapadh?

De ghnáth, ceapann stiúrthóirí cuideachta úir a gcéad iniúcháir. Ina dhiaidh sin, ceapann nó athcheapann comhaltaí na cuideachta an t-iniúcháir ag gach cruinniú ginearálta bliantúil (CGB).

Cad iad dualgais iniúcháirí?

Dualgas maidir le tuarascáil iniúchta a sholáthar

Is é príomhdualgas iniúcháirí ná tuairisc a thabhairt do chomhaltaí cé acu a bhaínt tuairim ráitis airgeadais na cuideachta leárgan tuairisc chothrom chruinn. Ní mór tuarascáil na n-iniúcháirí a chur ar fáil do gach comhalta agus í a léamh ag an CGB.

Murar féidir leis an iniúchóir tuairim dhearfach a thabhairt, is féidir leo:

- **tuairim cháilithe a thabhairt** – sonraíonn sé seo go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta ach amháin i gcúinsí áirithe sonraithe;
- **séanadh tuairime a thabhairt** – sonraíonn sé seo nach bhfuil an t-iniúchóir ábalta tuairim a dhéanamh cibé an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom nó nach dtugann; agus
- **tuairim chodarsna a thabhairt** – deir sé seo nach dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom.

Dualgas maidir le cliseadh leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil a thuairisciú

Más í tuairim na n-iniúchóirí nár choinnigh cuideachta leabhair chuí chuntasaíochta, ní mór dóibh an tuairim seo a chur in iúl don chuideachta. Mura nglacann na stiúrthóirí na bearta riachtanacha chun an cás seo a cheartú laistigh de sheacht lá, nó mór do na hiniúchóirí a dtuairim a chur in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Cuireann an CRO an fógra seo ar fáil don phobal.

Dualgas maidir le cionta díotálacha a thuairisciú

Is éard is cion díotálach ná cion atá tromchúiseach go leor le cur os comhair breithimh agus giúiré sa Chúirt Chuarda.

Má fhaigheann iniúcháirí faisnéis le linn iniúchta a thugann orthu a chreidiúint go bhfuil cion díotálach déanta ag cuideachta nó ag duine ar bith a bhaineann léi faoi Acht na gCuideachtaí, caithfidh siad:

- é seo a thuairisciú d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideacha (OSFC); agus
- cuidiú leis an OSFC lena n-imscrúdú ar an tuarascáil.

Dualgas maidir le cúiseanna le héirí as bheith mar iniúcháir

Nuair a éiríonn iniúcháirí as roimh dheireadh a dtéarma nó má shonraíonn siad nach mian leo bheith athcheaptha, caithfidh siad é seo a mhíniú don CRO. Ba chóir go sonródh an fógra seo má mheasann siad gur cheart cúinsí ar bith a bhaineann lena n-éirí as mar iniúcháir a thabhairt ar aird chomhaltaí nó chreidiúnaithe na cuideachta. Cuirtear an fógra seo in iúl don phobal.

Dualgas maidir le hionracas gairmiúil a chleachtadh

Caithfidh iniúcháirí iniúchadh a dhéanamh le hionracas gairmiúil. Mura gcloíonn siad lena ndualgas scil agus cúram réasúnta a chleachtadh, d'fhéadfadh sé go mbeidh siad faoi dhliteanas i leith damáistí don chuideachta nó dá chomhaltaí go háirithe.

Cad iad cearta iniúchóirí?


Tá an ceart ag iniúchóirí:

- rochtain a fháil ar leabhair agus ar chuntais na cuideachta agus a fochuideachtaí;
- rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar mhíniúcháin ó stiúrthóirí agus ó fhostaithe na cuideachta;
- bheith ar an eolas faoi chruinnithe ginearálta cuideachta agus freastal ar na cruinnithe agus iad a aitheasc; agus
- na cúinsí a bhaineann le moladh ar bith chun iad a bhriseadh as bheith mar iniúchóir a mhíniú ag cruinniú ginearálta agus cur in aghaidh an bhriste sin.

Conclúid

Tá leabhair eolais níos mionsonraithe ar iniúchóirí cuideachta ar fáil faoin bhFógra Cinnidh D/2002/1 ó www.osfc.ie. Tugann an láithreán gréasáin treoir ar dhualgas na n-iniúchóirí maidir le cionta díotálacha a mheastar a thuairisciú don OSFC.

Nótaí



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie